

Rannóg Pholasaí, Cháilíochtaí,
Churaclaim agus Mheasúnachta,
An Roinn Oideachais agus
Eolaíochta, Bloc 2
Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1
☎ (01) 809 5020



Qualifications, Curriculum and
Assessment Policy Unit,
Department of Education and
Science, Block 2
Marlborough Street,
Dublin 1
Fax (01) 809 5048

Circular Letter 0004/2009

To: Management Authorities of Second-Level Schools

Prescribed Material for the Junior Certificate and Leaving Certificate Examinations in 2011

The Department of Education and Science

- (a) wishes to inform the management authorities of second-level schools that the prescribed material for the Junior Certificate and Leaving Certificate Examinations in 2011 is on the attached list

- (b) requests school authorities to give adequate notice of these texts to pupils before the start of the relevant school year.

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh agus Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2011

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

- (a) a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal gurb ar an liosta iniata atá an t-ábhar atá leagtha síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh agus do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2011

- (b) a iarraidh ar údaráis bhainistíochta dóthain réamhfhógra faoi na téacsanna seo a thabhairt do dhaltaí roimh thús na scoilbhliana atá i gceist.

Margaret Kelly
Principal Officer
February 2009

THE JUNIOR CERTIFICATE, 2011

1. In the case of the subjects Art, Craft, Design; Business Studies; Civic, Social and Political Education; Classical Studies; English; Environmental and Social Studies; Ancient Greek; Hebrew Studies, History and Geography; Home Economics; Irish; Italian; Materials Technology (Wood); Music; Religious Education; Science; Spanish; Technical Graphics; Typewriting; Mathematics; and Latin (see the prescribed material below), the examination in 2011 will be based on the Junior Certificate syllabuses in those subjects which have been issued to second-level school authorities.

AN TEASTAS SÓISEARACH, 2011

I gcás na n-ábhar Ealaín, Ceird, Dearadh; Staidéar Gnó; Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil; Léann Clasaiceach; Béarla; Staidéar Imshaoil agus Sóisialta; Gréigis Ársa; Léann Eabhrach, Stair agus Tíreolaíocht; Eacnamaíocht Bhaile; Gaeilge; Iodáilis; Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad); Ceol; Oideachas Reiligiúnach; Eolaíocht; Spáinnis; Grafaic Theicniúil; Clóscríobh; Matamaitic; agus Laidin (féach an ábhar atá leagtha síos, anseo thíos), bunófar an scrúdú sa bhliain 2011 ar shiollabais an Teastais Shóisearaigh sna hábhair sin atá eisithe chuig údaráis scoileanna dara leibhéal.

N.B. Website for syllabuses: www.education.ie > curriculum, syllabus & teaching guidelines > junior certificate > syllabuses in alphabetic order

N.B. Láithreán Gréasáin i gcomhair na Siollabas: www.education.ie > treoirlínte curaclaim, siollabais & múinteoireachta > teastas sóisearach > siollabais in ord aibítire

Latin for the Junior Certificate Examination in 2011
Laidin do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 2011

Údar (Author)	Gnáthleibhéal (Ordinary Level)	Sleachta sa bhreis don Ardleibhéal (Additional for Higher Level)
Phaedrus	(I), (II)	-
Catullus	-	(VII), (VIII)
Ovid	(XIV), (XVII), (XVIII), (XX), (XXI)	(XV), (XVI), (XIX)
Virgil	(XLVI), (XLVII), (XLVIII), (LII), (LIII)	(L), (LI)
	Sleachta (Extracts) 12; Línte (Lines) 120.	Sleachta (Extracts) 7; Línte (Lines) 80.

Music

In the case of Music, the prescribed works for the Junior Certificate Examination in 2011 are as prescribed in **Group C (Appendix F)** of the syllabus.

Ceol

I gcás an Cheoil, is iad na téacsanna atá leagtha síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 2011 ná iad siúd atá leagtha síos i **nGrúpa C (Aguisín F)** an tsiollabais.

Website: www.education.ie > curriculum, syllabus & teaching guidelines > junior certificate > music syllabus

Láithreán Gréasáin : www.education.ie > treoirlínte curaclaim, siollabais & múinteoireachta > teastas sóisearach > siollabas an cheoil

Prescribed Material for Leaving Certificate Examinations 2011
Ábhar atá leagtha síos do Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2011

AN GAELIGE

Tá na socrúithe don Ghaeilge (idir shiollabas agus ábhar ainmnithe) do scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) i 2011 de réir mar a bhí siad do scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) in 2006, 2007, 2008, 2009 agus 2010 mar atá leagtha amach in Imlitir M4/04 agus in Imlitir 63/04 faoi seach (cóipeanna leis seo).

ANCIENT GREEK

Leaving Certificate (**Ordinary Level**) in 2011: Refer to Syllabus

Leaving Certificate (**Higher Level**) in 2011:-

The Joint Association of Classical Teachers (J.A.C.T.) Greek Course: **The Intellectual Revolution** (Published by Cambridge University Press) – Pages 60-95, inclusive. (Selections, in Greek and in translation, from Thucydides, Books 6, 7 and 8)

or

The Joint Association of Classical Teachers (J.A.C.T.) Greek Course: **A World of Heroes**, (Published by Cambridge University Press) – Pages 100-139, inclusive. (Selections in Greek and in translation, from Sophocles' *Oedipus Tyrannus*).

GRÉIGIS ÁRSA

Scrúdú na hArdteistiméireachta (**Gnáthleibhéal**) sa bhliain 2011: Féach Siollabas

Scrúdú na hArdteistiméireachta (**Ardleibhéal**) sa bhliain 2011:-

Cúrsa Gréigise Chomhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (J.A.C.T.): **An Réabhlóid Intleachta** (Arna fhoilsiú ag Preas Ollscoil Cambridge) – Leathanaigh 60-95, araon san áireamh. (Sleachta, i nGréigis agus i modh aistriúcháin, as Thucydides, Leabhair 6, 7 agus 8).

Cúrsa Gréigise Chomhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (J.A.C.T.): **Saol na Laochra**, (Arna fhoilsiú ag Preas Ollscoil Cambridge) – Leathanaigh 100-139, araon san áireamh. (Sleachta, i nGréigis agus i modh aistriúcháin, as Sophocles’ *Oedipus Tyrannus*).

BUSINESS

In the 2011 Leaving Certificate Examination in Business at Higher level, the Applied Business Question (ABQ), will be based on Units 3, 4 and 5 of the syllabus.

GNÓ

I Scrúdú Ardeistiméireachta na bliana 2011 sa Ghnó ar an Ardleibhéal, bunófar an Cheist faoi Ghnó Feidhmeach (ABQ), ar Aonaid 3, 4 agus 5 an tsiollabais.

CLASSICAL STUDIES

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2011: - See Syllabus (note, Topic 9, two editions of Plato’s *Republic*)

LÉANN CLASAICEACH

Scrúdú na hArdeistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2011: Féach Siollabas (Nóta: Topaic 9, dhá eagráin de’n *Phoblacht* le Plato)

ENGINEERING

The special topic prescribed for the Leaving Certificate Examination in 2011 is:

“Basic principles and processes in the operation of incineration technology.”

INNEALTÓIREACHT

Is í an topaic faoi leith atá leagtha síos do Scrúdú na hArdeistiméireachta sa bhliain 2011 ná

“Bunphrionsabail agus próisis oibríochta i dteichneolaíocht loiscthe”

HEBREW STUDIES

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2011: See Syllabus

LÉANN EABHRACH

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2011: Féach Siollabas

ITALIAN

Leaving Certificate (Higher Level) in 2011: -

Lia Levi, *Una bambina e basta*
or
Leonardo Sciascia, *Il giorno della civetta*

IODÁILIS

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) sa bhliain 2011: -

Lia Levi, *Una bambina e basta*
nó
Leonardo Sciascia, *Il giorno della civetta*

LATIN

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2011:-

Cicero: *Pro Lege Manilia*
or
Virgil: *Aeneid*, Book I (Lines 1 – 519).

LÁIDIN

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2011:-

Cicero: *Pro Lege Manilia*
nó
Virgil: *An Aenéid*, Leabhar I (Línte 1 – 519).

MUSIC

In the case of Music, the prescribed works for the Leaving Certificate Examination in 2011 are as prescribed in **Group A (Appendix F)** of the syllabus.

CEOL

I gcás an Cheoil, is iad na téacsanna atá leagtha síos do Scrúdú na Ardeistiméireachta sa bhliain 2011 ná iad siúd atá leagtha síos i **nGrúpa A (Aguisín F)** an tsiollabais.

SPANISH

Leaving Certificate (Higher Level) in 2011: - as for 2010

Josep Lorman, *La Aventura de Saíd*

SPÁINNIS

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) sa bhliain 2011: - mar an gcéanna leis an mbliain 2010

Josep Lorman, *La Aventura de Saíd*

Syllabuses available on the Website:

www.education.ie > curriculum, syllabus & teaching guidelines > Leaving Certificate > syllabuses listed in alphabetical order

Siollabais ar fáil ar an Láithreán Gréasáin:

www.education.ie > curaclam, treoirínte siollabais agus teagaisc > Ardteistiméireacht > na siollabais liostaithe in ord aibítire



D'Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal.

Imlitir M63/04

Soiléiriú ar ghné de Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ábhar nach bhfuil inghlactha -

Cúrsa leasaithe litríochta le cur faoi scrúdú i 2006, i 2007 agus i 2008 -

Ag tagairt d'Imlitir M4/04 a phléann leis an gcúrsa leasaithe litríochta ar shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) a bheidh le cur faoi scrúdú i 2006, i 2007 agus i 2008 agus do na Treoirlínte a eisíodh mar thaca le múineadh an chúrsa leasaithe litríochta a réitigh An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, is mian leis an Aire soiléiriú a chur ar fáil maidir leis an treoir a bhaineann leis na critéir a bheidh i bhfeidhm i gcás ábhair ar bith nach bhfuil inghlactha.

Baineann an soiléiriú seo maidir le hábhar nach bhfuil inghlactha mar atá rianaithe in Imlitir M4/04 in:

- | | | |
|--|---|--------------------------------|
| alt 2. (a) (iv) An tÁbhar Roghnach: Prós | – | Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal |
| alt 2. (b) (iv) An tÁbhar Roghnach: Filíocht | – | Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal |
| alt 3. (ii) Próistéacs Breise (Roghnach) | – | Ardleibhéal |

Mar shoiléiriú breise ar an riachtanas a bhaineann le gach uile théacs a roghnaítear faoi alt ar bith díobh sin a bheith ina bhuntéacs Gaeilge, díritear aird ar an méid seo a leanas:

De bhreis ar an uile théacs a roghnaítear don chúrsa rognach a bheith ina bhuntéacs Gaeilge, caithfidh an téacs sin

- a bheith foilsithe
- a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air

Iarrtar oraibh a bhfuil san imlitir seo a chur faoi bhráid na n-oidí sin in bhur scoileanna a mbaineann an soiléiriú seo leo.

Bheifí buíoch díbh ach cóip den imlitir seo a chur ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na n-oidí.

Seán Ó Duinneacha
Ard Rúnaí.

Deireadh Fómhair 2004.



D'Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal.

Imlitir M4/04

Leasú ar Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta

- Cúrsa leasaithe litríochta le cur faoi scrúdú i 2006, i 2007 agus i 2008 -

Iniata leis an imlitir seo tá moltaí ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le leasuithe ar chúrsa próis agus filíochta na hArdteistiméireachta ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Is mian leis an Aire a chur in iúl go bhfuil na moltaí seo faofa aige agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm i 2004. Reáchtálfar an chéad scrúdú a bheidh bunaithe ar na leasuithe seo in 2006.

Eiseofar treoirínnte mar thaca le múineadh an chúrsa leasaithe seo agus seolfar chuig na scoileanna iad faoin 1ú Meán Fómhair 2004.

Iarrtar oraibh a bhfuil san imlitir seo a chur faoi bhráid na n-oidí sin in bhur scoileanna a mbaineann an leasú seo leo.

Bheifí buíoch díbh ach cóip den imlitir seo a chur ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na n-oidí.

Seán O Duinneacha

Ard Rúnaí.

Aibreán 2004.

GAEILGE na hARDTEISTIMÉIREACHTA

PRÓS AGUS FILÍOCHT DO NA BLIANTA 2004-2006
2005-2007
2006-2008

GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

Mhol an Coiste Cúrsa gur mar seo a bheadh an cúrsa próis agus filíochta ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal do na blianta 2004-2006, 2005-2007, 2006-2008.

Tá moltaí déanta ag an gCoiste Cúrsa maidir leis an gcúrsa **comónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal**. Tá na moltaí atá déanta ag an gCoiste Cúrsa rianaithe anseo thíos.

1. AN tÁBHAR AINMNITHE

(a) **An tÁbhar Ainmnithe: Prós - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**
Seo a leanas na téacsanna ainmnithe próis atá molta don **Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal**.

(i) **An Cearrbhach Mac Cába**
Scéal béaloidis [go huile]

as Niall Ó Dónaill agus Anraí Mac Giolla Chomhaill eag.

Scéalta Johnny Shéamaisín (Comhaltas Uladh).

(ii) **Coileach Ghleann Phádraig Bidy Jenkinson**
Gearrscéal [go huile]
as Jenkinson, B. *An Grá Riabhach: Gáirscéalta*
(Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2000), lgh 25-33

NÓ

An Bhean Óg Máire Mhac an tSaoi

Gearrscéal [go huile]

Foilsíodh in *Comhar*, Imleabhar 7, mí Iúil 1948.

le fáil in Eoghan ó hAnluain (eag.), *Leath na Spéire: Imeachtaí Scoil Gheimhridh Mherriman* 1991 (An Clóchomhar, BÁC, 1992), lgh 91-92

[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (ii) thuas idir **Coileach Ghleann Phádraig agus An Bhean Óg.**]

- (iii) **Lig Sinn i gCathú** Breandán Ó hEithir
Giota as úrscéal as Ó hEithir, B (1976) *Lig Sinn i gCathú*, Baile Átha Cliath: Sáirséal agus Dill [lgh. 9-17 ó bharr lch. 9 go dtí deireadh líne 25, lch. 17 “... a Iníon Uí Chinnéide”]
- (iv) **Fiche Bliain ag Fás** Muiris Ó Súilleabháin
Giota as dírbheathaisnéis Ó Súilleabháin, M (1976) *Fiche Bliain Ag Fás* [lgh. 74-76 dar tús líne 3, lch. 74 ‘*Téanaí anso isteach*’ agus dar críoch an líne dheireannach, lch. 76 ‘*..... agus pingin aige féin.*’]
- (v) **Lá Buí Bealtaine** Mairéad Ní Ghráda
Dráma as *Drámaí an Chéid*, Indreabhán: Cló iar-Chonnacht (2000) [lgh. 95-107]

NÓ

Clare sa Spéir (scannán 30 nóiméad) TG4

[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (v) thuas .i. dráma nó scannán.]

(b) An tÁbhar Ainmnithe: Filíocht - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe filíochta atá molta don **Ghnáthleibhéal** agus don **Ardleibhéal**.

- (i) **Gealt** Áine Ní Ghlinn
: *Teanga Bheo*, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lgh. 66-67]
- (ii) **Níl Aon Ní** Cathal Ó Searcaigh
: *Teanga Bheo*, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 119]
- (iii) **Mo Ghile Mear / Bímse buan ar buairt gach ló** Seán Clárach
Duanaire na hArdeistiméireachta [na cheithre véarsa tosaigh agus curfá]
- (iv) **Jack** Máire Mhac an tSaoi
: *Teanga Bheo*, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 117]
- (v) **Faoiseamh a Gheobhadsa** Máirtín Ó Direáin

Duanaire na hArdteistiméireachta.

(c) **Dánta Dualgais Breise Don Ardleibhéal**

Seo a leanas na dánta dualgais breise don Ardleibhéal atá le saothrú ag lucht an Ardleibhéil amháin:

Oíche Nollaig na mBan Seán Ó Ríordáin
Teanga Bheo, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 109]

Dán do Mhelissa Nuala Ní Dhomhnaill
Teanga Bheo, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 43]

An Chéad Dráma Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha
as *Buille faoi Thuairim Gabha* Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha
(Cló Iar-Chonnachta)

An Mháthair Caitlín Maude
Duanaire na hArdteistiméireachta

Úirchill an Chreagáin Art Mac Cumhaidh
Duanaire na hArdteistiméireachta

Maigdiléana Cathal Ó Searcaigh
Coiscéim: Baile Átha Cliath [lch. 19]

An tOileán Deirdre Brennan
Teanga Bheo, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 17]

Dá mb'fhéidir arís d'ár gcumann Eithne Strong
Teanga Bheo, Baile Átha Cliath (1999): Comhar na Múinteoirí [lch. 132]

2. **AN tÁBHAR ROGHNACH: TREOIR**

Is den riachtanas é go gcloifí leis na treoracha seo a leanas maidir le hábhar agus le téacsanna cuí a roghnú.

(a) **An tÁbhar Roghnach: Prós - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

Agus téacsanna oiriúnacha próis á roghnú ba chóir na critéir seo leanas a chur san áireamh.

(i) **Cineálacha:**

Cúig ghiota próis agus ceann amháin díobh ag freagairt do gach ceann ar leith de na cineálacha (i) go (v) thíos:

- (i) **Sliocht béaloidis**
- (ii) **Gearrscéal**
- (iii) **Giota as úrscéal**
- (iv) **Giota as dírbheathaisnéis**
- (v) **Dráma [nó giota as]**

nó

Scannán Gaeilge

- (ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear. Glactar leis an ábhar próis ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

(iii) **Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú sna giotáí:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na ndaltaí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban

(iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní ghlacfar le sliocht ar bith as *Díolaim Próis na Meánteistiméireachta*.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.

- (b) **An tÁbhar Roghnach: Filíocht - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**
Agus téacsanna oiriúnacha filíochta á roghnú ba chóir na critéir seo leanas a chur san áireamh.

(i) **Cineálacha**

Déantar staidéar ar *chúig* dhán ar fad. Agus na cúig dhán á roghnú ní mór gur sa tréimhse **roimh** 1850 a cumadh **dán amháin** díobh sin.

- (ii) **Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear. Glactar leis an ábhar filíochta ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú,** maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

(iii) **Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú ins na dánta:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na ndaltaí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban
- ceol agus liriciúlacht a chur san áireamh

(iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní ghlacfar le dán ar bith as *Duanaire na Meánteistiméireachta*.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.

3. CÚRSA NA hARDTEISTIMÉIREACHTA: ARDLEIBHÉAL

Ag tagairt do na moltaí atá déanta ag an gCoiste ó thaobh ábhair de is mar seo a leanas a bheidh an cúrsa ag an Ardleibhéal.

(i) Maidir leis an **Ábhar Comónta** don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal.

- Beidh cead ag iarrthóirí tabhairt faoi cheann ar bith de na roghanna seo a leanas:
 - prós ainmnithe agus filíocht ainmnithe
 - NÓ
 - prós rognach agus filíocht rognach
 - NÓ
 - prós ainmnithe agus filíocht rognach
 - NÓ
 - prós rognach agus filíocht ainmnithe

Tugtar faoi deara go bhfuil rogha níos fairsinge i gceist anois d'iarrthóirí maidir leis an ábhar comónta.

- Ní ceadmhach d'iarrthóir ar bith giota ar bith próis atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (a) thuas, a úsáid mar ghiota rognach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa rognach. **Tá a mhalairt i gceist freisin.**
- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith dán ar bith atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (b) a úsáid mar dhán rognach i bhfreagra ar cheist ar na dánta rognacha.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as meascán de phrós ainmnithe agus de phrós rognach. Mar shampla, ní ghlacfar le freagairt a bheidh bunaithe ar an gcúrsa ainmnithe i gceist amháin agus ar an gcúrsa rognach i gceist eile.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as meascán d'fhillíocht ainmnithe agus d'fhillíocht rognach. Mar shampla, ní ghlacfar le freagairt a bheidh bunaithe ar an gcúrsa ainmnithe i gceist amháin agus ar an gcúrsa rognach i gceist eile.

(ii) Maidir leis an **bPróstéacs Breise**

- Níor mhór d'iarrthóirí Ardleibhéil staidéar a dhéanamh ar phróstéacs breise (ainmnithe **nó** rognach).
- Maidir leis an bpróstéacs breise (Ceist 2, Páipéar 2) is é an cúrsa céanna a bheidh i bhfeidhm go dtí 2008 is a bhí i gceist ó 1995. Ní bheidh cead ag iarrthóirí Ardleibhéil úsáid a bhaint as saothar a d'úsáid siad cheana i bhfreagairt na ceiste faoin bprós ainmnithe / prós rognach (Ceist 1, Páipéar 2).

Mar shampla, má bhaintear úsáid as *Fiche Bliain Ag Fás* i bhfreagairt na ceiste ar an bprós ainmnithe (Ceist 1, Páipéar 2) ní bheidh cead úsáid a bhaint as an saothar sin i gCeist 2 (próstéacs breise). Nó, mar shampla, má bhaintear úsáid as an ngiota as úrscéal e.g. *Gafa* faoin bprós roghnach i gCeist 1, ní bheidh cead úsáid a bhaint as aon chuid den úrscéal sin i gCeist 2 faoin bpróstéacs breise. Nó, mar shampla, má bhaintear úsáid as aon ghearrscéal as cnuasach gearrscéalta i bhfreagairt na ceiste ar an bprós roghnach (Ceist 1) ní bheidh cead úsáid a bhaint as an gnuasach gearrscéalta sin i bhfreagairt na ceiste ar an bpróstéacs breise (Ceist 2).

- **Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.**

(iii) Maidir leis na Dánta Dualgais Breise don Ardleibhéal

- Níor mhór d'iarrthóirí Ardleibhéil staidéar a dhéanamh ar na dánta dualgais breise atá ainmnithe.

(iv) Maidir le Stair na Gaeilge

- Níl aon athrú i gceist ó thaobh Stair na Gaeilge de. Is é an cúrsa céanna a bheidh i bhfeidhm go dtí 2008 is a bhí i gceist ó 1995. Féach Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal, lch. 43.

4. CÚRSA NA hARDTEISTIMÉIREACHTA: GNÁTHLEIBHÉAL

Ag tagairt do na moltaí atá déanta ag an gCoiste ó thaobh ábhair de is mar seo a leanas a bheidh an cúrsa ag an nGnáthleibhéal.

Maidir leis an Ábhar Comónta don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal.

- Beidh cead ag iarrthóirí tabhairt faoi cheann ar bith de na roghanna seo a leanas
 - prós ainmnithe agus filíocht ainmnithe
 - NÓ
 - prós roghnach agus filíocht roghnach
 - NÓ
 - prós ainmnithe agus filíocht roghnach
 - NÓ
 - prós roghnach agus filíocht ainmnithe

Tugtar faoi deara go bhfuil rogha níos fairsinge i gceist anois d'iarrthóirí maidir leis an ábhar comónta.

- Ní ceadmhach d'iarrthóir ar bith giota ar bith próis atá ainmnithe a úsáid mar ghiota roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith dán ar bith atá ainmnithe a úsáid mar dhán roghnach i bhfreagra ar cheist ar na dánta roghnacha.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as meascán de phrós ainmnithe agus de phrós roghnach. Mar shampla, ní ghlacfar le freagairt a bheidh bunaithe ar an gcúrsa ainmnithe i gceist amháin agus ar an gcúrsa roghnach i gceist eile.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as meascán d'fhillíocht ainmnithe agus d'fhillíocht roghnach. Mar shampla, ní ghlacfar le freagairt a bheidh bunaithe ar an gcúrsa ainmnithe i gceist amháin agus ar an gcúrsa roghnach i gceist eile.
- Beidh cead ag iarrthóirí Gnáthleibhéil aon cheann de na dánta atá luaite faoi Dhánta Dualgais Breise don Ardleibhéal a úsáid i bhfreagairt ceiste ar bith faoin bhfilíocht roghnach. Mar shampla, d'fhéadfaidís freagra ar an bhfilíocht roghnach a bhunú ar an dán, 'An Mháthair' atá luaite faoi Dhánta Dualgais Breise don Ardleibhéal.
- **Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n. Meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.**